



## CLÁR DEONTAIS IWTN 2023

### TIONSCADAIL CHAOMHANTAIS/CHAIPITIL IWTN 2023

#### 1 Forléargas ar Chiste IWTN 2023

Príomhghné de Phlean Gníomhaíochta Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann 2019-23 is ea tacú le caomhnú ballaí baile agus cineálacha eile oidhreachta cultúrtha (e.g., struchtúir stairiúla atá comhaimseartha leis an mballa, atá comhtháite ó thaobh struchtúir de nó atá coimhdeach leis an mballa) laistigh de bhailte ar baill de IWTN iad. In 2023 rinne an Chomhairle Oidhreachta suas le €218,000 a leithdháileadh ar thionscadail Chaomhantais/Chaipitil IWTN. Is gníomh é seo de chuid Oidhreachta na Comhairle *Plean Straitéiseach Oidhreachta sa Chroílár 2018-22*.

Le haghaidh 2023, leanfaidh na deontais chaomhantais de bhéim a leagan ar chaomhnú ballaí baile (lena n-áirítear tuarascálacha agus suirbhéanna a ullmhú chun Toiliú an Aire a fháil le haghaidh obair chaomhantais ar bhallaí baile).

Beidh Ciste IWTN ar fáil do bhaill Thuaisceart Éireann den IWTN in 2023.

#### 2 Tráthchlár

- Iarratais, agus doiciméid tacaíochta, ní mór iad a chur isteach trí chóras deontas ar líne na Comhairle Oidhreachta  
[https://www.salespulse2.com/HeritageGrants/dsp\\_RegistrantDefault.asp](https://www.salespulse2.com/HeritageGrants/dsp_RegistrantDefault.asp) faoi 5i.n. Déardaoin an 9 Márta
- Tá an próiseas iomaíoch agus déanfar measúnú ar iarratais ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil.
- Ní bhreithneofar iarratais a fhaightear tríd an bpost, trí fhacs ná trí ríomhphost.
- Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.
- Cuirfear iarratasóirí ar an eolas i scríbhinn ag deireadh mhí Aibreáin 2023, tar éis cead a fháil ó bhord na Comhairle Oidhreachta

#### 3 Cistiú

In 2023 chuir an Chomhairle Oidhreachta leithdháileadh €218,000 le haghaidh tionscadail Chaomhantais IWTN. **Tugtar faoi deara go dtabharfar tosaíocht do ghníomhaíochtaí éigeandála nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le tionscadail chaomhantais bhallaí baile, mar gheall ar bhrúnna**

**buiséadacha.** Ba cheart d’iarratasóirí ionchasacha é sin a chur san áireamh sula ndéanfaidh siad aighneacht.

#### 4 I measc na dtionscadal incháilithe tá:

- Ballaí baile a chaomhnú; Ní mór Pleananna Caomhantais, Bainistíochta agus Léiriúcháin (CMIPanna) a bheith i bhfeidhm agus ní mór iad a bheith glactha nó ní mór an t-údarás áitiúil a bheith ar tí iad a ghlacadh.
- Tuarascálacha agus suirbhéanna a ullmhú chun toiliú an Aire a fháil le haghaidh obair chaomhantais ar bhallaí baile

#### 5 Caomhnú/Ciste Caipitil 2023 — Critéir Roghnúcháin Tionscadail

1. Ní mór iarratasóirí a bheith ina mbaill láníochta de Lónra Bhailte Múrtha na hÉireann (IWTN). Ní mór an táille ballraíochta IWTN a chur ar ais ach a nglactar le haon tairiscint maoinithe.
2. Ní mór oifigeach aitheanta de chuid an Údaráis Áitiúil a bheith ann a ghníomhóidh mar bhainisteoir tionscadail. Ní mór don oifigeach taithí a bheith aige nó aici ar thionscadail mhóra chasta chaomhantais agus tógála a bhainistiú, e.g. oifigeach caomhantais agus/nó oifigeach oidhreachta, seandálaí, nó ailtire caomhantais.
3. Beidh ceithre chritéar ann trína ndéanfar gach iarratas ar dheontas a mheas:

Critéir	Cur síos	Marcanna
<b>Féidearthacht an tionscadail</b>	Agus cuntas teiste na n-iarratasóirí, cáilíocht na gcomhairleoirí, na gconraitheoirí agus an bhainisteora tionscadail, an amlíne a bhfuil coinne léi, an buiséad agus an plean airgeadais a cuireadh i láthair á chur san áireamh, an dócha go gcuirfear an tionscadal seo i gcrích go rathúil agus go ndéanfar an deontas a tharraingt anuas go hiomlán faoin 17 Samhain 2023?	<b>20 marc</b>
<b>Cáilíocht an iarratais</b>	Iarratas atá éasca le tuiscint a mbaineann réasúnaíocht modheolaíocht caomhantais thomhaiste leis. Tá amlíne agus buiséad tomhaiste le haithint air. An bhfuil clár láidir oideachais/for-rochtana poiblí ann, e.g. le linn na Seachtaine Oidhreachta a bheidh ar siúl ón 12 go dtí an 20 Lúnasa 2023	<b>20 marc</b>
<b>Luach ar airgead</b>	An léiríonn an tionscadal seo luach maith ar airgead maidir le hoidhreachta agus tionchar sóisialta? Ar cuireadh an bhithéagsúlacht agus bainistiú an athraithe aeráide san áireamh san iarratas? An bhfuil foinsí eile cistiúcháin le sonrú?	<b>20 marc</b>

<b>Tábhacht straitéiseach</b>	Cén tábhacht straitéiseach a bhaineann leis an tionscadal le haghaidh an bhaile agus/nó IWTN? Conas mar a chuireann sé seo le IWTN cuspóirí a Phlean Gníomhaíochta a bhaint amach? Cad é an riachtanas caomhantais? Cad e leibhéal na tábhachta oidhreachta? Cad iad na sochair shóisialta agus eacnamaíocha? An eiseamláir de thionscadal é lena leanúint ag daoine eile?	<b>40 marc</b>
-------------------------------	--	----------------

## 6 Eolas breise

- Ní mór do d’eagraíocht ranníocaíocht airgeadais íosta **10 %** a íoc i dtreo chostais an tionscadail agus ní mór é sin a leagan amach go soiléir sa tábla buiséid. Aithneofar ranníocaíochtaí deonacha ó ghrúpaí pobail AMHÁIN, agus ní mór iad seo a shainithint go soiléir agus iad a bhunú ar rátaí atá liostaithe tuilleadh sa doiciméad seo.
- Ní féidir cistiú a úsáid chun íoc as aon ghníomhaíocht a dhéantar sula nglactar le litir tairisceana ón gComhairle Oidhreachta. Ná ní féidir costais arna dtabhú tar éis an dáta tuairiscithe deiridh a chistiú ach oiread.
- Maidir le hobair chaomhantais, ní mór sonraíocht ar na hoibreacha caomhantais atá beartaithe, grianghraif de staid reatha ghnéithe an struchtúir atá ina gcúis imní agus luachana/meastacháin a bheith ceangailte leis an iarratas ar líne tráth a chuirtear isteach é.
- Chun toiliú a ullmhú ba cheart struchtúr a chur ar fáil chomh maith le sonraí sainchomhairleoirí agus luachana/meastachán.
- I gcás tionscadail chaomhantais fhisiciúla, níor cheart táillí gairmiúla a bheith níos mó ná 15 % de chostas na n-oibreacha tionscadail. Ní féidir cistiú ó Chiste Líonra Bhaile Múrtha na hÉireann de chuid na Comhairle Oidhreachta a úsáid le haghaidh suimeanna a bhaineann le táillí a sháraíonn an tairseach seo.
- Ba cheart gach cead agus toiliú riachtanach a dhaingniú nó iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina leith i gcás oibreacha seandálaíochta nó eile atá beartaithe.
- Le gach iarratas ar dheontas ní mór dearbhú a thabhairt go bhfuil cleachtais chúí tairisceana agus soláthair á leanúint. Nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe, cuirfear san áireamh sa tuarascáil tionscadail fianaise gur leanadh cleachtais chúí tairisceana agus soláthair.
- Cinntítear go bhfágann amlíne do thionscadail go bhfuil nósanna imeachta soláthair agus ceapadh conraitheoirí indéanta más ábhartha. Ní mór a léiriú i d’iarratas gur féidir GACH gné de sheachadadh tionscadail a bhaint amach laistigh den tréimhse ama idir bronnadh an deontais agus spriocdháta íostarraingthe an 17 Samhain 2023.

## 7 Próiseas Measúnaithe

Déanfaidh painéal measúnaithe inmheánach agus seachtrach measúnú ar na tionscadail ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil agus i gcomparáid leis an gcritéar scórála. Cuirfear moltaí faoi bhráid bhord na Comhairle Oidhreachta lena mbreithniú ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Aibreáin 2023

## 8 Do Bhuiséad a Ullmhú

- Ní mór dúinn a fháil amach cén costas a bheidh ar do thionscadal. Ní mór é sin a mhíniú go soiléir i do bhuiséad. Ní mór duit na costais go léir (lena n-áirítear costais nach bhfuil incháilithe do Chistiú ón gComhairle Oidhreachta) a liostú sa tábla atá curtha ar fáil, agus ní mór cóip PDF de luachana, de mheastacháin tairisceana an chonraitheora nó fianaise eile a chur i gceangal chun tacú leis na figiúirí, má tá siad ar fáil.
- Ní mór duit ranníocaíocht íosta 10 % ar a laghad a chur san áireamh i dtreo chostais an tionscadail. I gcás na nÚdarás Áitiúil, ní mór luach airgid a bheith ag baint leis sin. I gcás grúpaí pobail, d'fhéadfaí an ranníocaíocht 10 % a dhéanamh i bhfoirm do ranníocaíochta deonaí mar atá leagtha amach sna rátaí thíos.
- **Grúpaí Pobail:** Tugtar faoi deara nach féidir leis an gComhairle Oidhreachta cistiú a thairiscint don iarratasóir ainmnithe mura bhfuil cuntas bailí bainc nó comhair chreidmheasa acu ina n-ainm.
- D'fhéadfadh sé nach mbeadh an Chomhairle in ann tairiscint a dhéanamh ar an méid iomlán a d'iarr an t-iarratasóir. Cuideoidh costais mhiondealaithe ar chodanna éagsúla de na hoibreacha leis na measúnóirí a fháil amach (a) an bhfuil cistiú páirteach indéanta agus (b) an luach maith ar an airgead a bheidh ann.
- Is mian leis an gComhairle a chinntiú go háirithe go gcuireann gach tionscadal dea-chleachtas caomhantais i bhfeidhm. Ba cheart é sin a léiriú i do bhuiséad. Níor cheart Táillí Gairmiúla Aonair (i gcás tionscadail chaomhantais fhisiciúla amháin) a bheith níos mó ná 15 % de chostas na n-oibreacha tionscadail.
- Leis an gcistiú deontais ní chlúdfófar caiteachas maidir le costais foirne an údaráis áitiúil, taisteal thar lear, trealamh oifige ná forchostais.

## Obair a luacháil — obair dheonach & eile

### Seo a leanas roinnt uasrátaí mar threoir duit agus am deonach á luacháil agat:

- €300 in aghaidh an lae le haghaidh táillí gairmiúla (e.g. bainistíocht tionscadal, speisialtóir ardscoile nó siúinéireacht)
- €150 in aghaidh an lae le haghaidh saothar oilte (e.g. saor cloiche, déantóir caibinéad, gabha)
- €80 in aghaidh an lae le haghaidh saothar neamhoilte.

Ní féidir cistiú a úsáid chun íoc as aon ghníomhaíocht a dhéantar sula nglactar le litir tairisceana ón gComhairle Oidhreachta. Ná ní féidir costais arna dtabhú tar éis an dáta tuairiscithe deiridh a chistiú ach oiread.

## 9 Dea-Chleachtas Oidhreachta

Ní mór a thaispeáint i d'iarratas go mbainfidh tú úsáid as dea-chleachtas oidhreachta. Tá dhá cheist ar an bhfoirm a bhaineann go hábhar go mór (cé go moltar duit gach deis a thapú chun tacú le d'intinn):

- Cad iad na modhanna oibre nó na modheolaíochtaí oibre a bheidh in úsáid agat?
- Cén fáth ar roghnaigh tú na modhanna nó na modheolaíochtaí sin?

Ba an méid seo a leanas a bheith soiléir i do chuid freagraí:

- Tá modheolaíocht shoiléir láidir nó sraith modhanna oibre agat
- Tá tú ar an eolas faoin dea-chleachtas oidhreachta ábhartha agus tá sé i gceist agat é sin a chur i bhfeidhm
- Tá tú ar an eolas faoi gach cairt idirnáisiúnta is ábhartha (e.g., Burra), faoi dhlíthe náisiúnta agus faoi threoirlínte roinne chomh maith le comhairle sláinte ghinearálta.

## 10 Cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal agus caidreamh a bhunú leo

I gcás tionscadal plean caomhantais agus caomhantais tógála, ní mór a thaispeáint i d'iarratas go n-áireofar i do thionscadal gníomhaíochtaí ar faide a raon ná na baill d'fhoireann an tionscadail amháin. Féadfar suas le 2 % de leithdháileadh IWTN a úsáid chun cuidiú leis na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích.

Le gach tionscadal a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, tá coinne go dtabharfaidh sé faoi imeacht a eagrú le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta a bheidh ar siúl i mí Lúnasa 2023, chomh maith le trí cinn ar a laghad de na gníomhartha atá liostaithe thíos:

- Is gá íomhánna agus nótaí dul chun cinn a chur faoi bhráid Bhainisteoir Tionscadail IWTN lena n-uaslódáil ar mheáin shóisialta na Comhairle Oidhreachta agus/nó ar ríomhíris IWTN. Is inghlactha iad nuashonruithe ar shuíomhanna meán sóisialta ábhartha eile freisin más rud é go ndéantar an Chomhairle Oidhreachta agus IWTN a chlibeáil iontu.
- Cinntítear go n-uaslódálfar gach tuairisc ar dhul chun cinn chuig suíomh gréasáin ábhartha an údaráis áitiúil, chuig an suíomh gréasáin oidhreachta áitiúil nó chuig Bainisteoir Tionscadail IWTN lena n-uaslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Oidhreachta nó IWTN
- Preaseisiúint(i) chuig na meáin áitiúla
- Le linn na hoibre caomhantais, cinntigh go bhfuil an láithreán ar oscailt do chuariteoirí ar feadh uair an chloig ar a laghad sa tseachtain faoi réir comhairle sláinte poiblí a chomhlíonadh.
- Faoi réir comhairle sláinte poiblí, ba cheart turais scoile a éascú. Ba cheart iarracht ar leith a dhéanamh chun staidéir thógála, adhmaóireacht, grafaic theicniúil agus mic léinn innealtóireachta a chuimsiú. Ba cheart na scileanna a bhaineann le hobair chaomhantais a mhíniú
- Taispeántas léiriúcháin sealadach ina mínítear tábhacht na mballaí, na cúiseanna leis an obair chaomhantais agus na príomhghníomhartha atá ar siúl. Nuair a chríochnófar an obair ba cheart an taispeántas a bhronnadh ar scoil áitiúil, leabharlann, etc. Taispeántais ar líne den chineál céanna a óstáiltear trí StoryMap nó Youtube, is féidir leo lucht féachana a mhealladh freisin.
- Foilseachán gearr ina mínítear tábhacht na mballaí, na cúiseanna atá leis an obair chaomhantais agus na príomhghníomhartha atá ar siúl. D'fhéadfadh an foilseachán a bheith cosúil leis an gceann a chríochnaigh Kilkenny Archaeology faoi Thúr an Talbóidigh (féach <https://www.heritagecouncil.ie/content/files/Talbots-Tower-Excavations.pdf>). Ba cheart an foilseachán a dháileadh ar scoileanna áitiúla, leabharlanna, oifigí turasóireachta, etc. Ní mór an doiciméad a uaslódáil ar shuíomh gréasáin ábhartha an údaráis áitiúil nó a eisiúint chuig Bainisteoir Tionscadail IWTN lena uaslódáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Oidhreachta.

## 11 Tionchar buan

Chun sochair bhuana a chur ar fáil, ní mór gníomhaíochtaí a chur san áireamh sa tionscadal lena chinntiú go mairfidh na torthaí nó na fothorthaí ar feadh thart ar chúig bliana tar éis dheireadh an tionscadail. Beidh cineál na ngníomhaíochtaí sin éagsúil ag brath ar chineál na dtionscadal. Is léir, dá mhéad agus dá fhad tionchar an tionscadail, is amhlaidh is fearr an toradh ar dheontas na Comhairle.

## 12 Doiciméid á n-uaslódáil

Le ceisteanna áirithe ar an bhfoirm iarratais ceanglaítear ort fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil. Ní mór duit na nithe seo a leanas a sholáthar:

- sonraíocht chostasaithe ar na hoibreacha caomhantais foirgneamh atá beartaithe.
- grianghraif de staid reatha ghnéithe an struchtúir ar cúis imní iad.  
Ba cheart gur le déanaí a tógadh na grianghraif agus go bhfuil daite, dátaithe agus anótáilte.
- ceaduithe, ceadanna, ceadúnais nó toilithe iomchuí.
- luachana, meastacháin nó fianaise eile i gcás aon cheannteideal buiséid ar mó é ná 10 % de chaiteachas iomlán an tionscadail.

Níl an liosta seo cinntitheach agus b'fhéidir gur mhaith leat faisnéis tacaíochta eile a chur san áireamh, faisnéis ar cheart í a bheith cuimsitheach ach gearr.

Beidh líon agus cineál na ndoiciméad ag brath ar chineál an tionscadail.

**Ní mór na doiciméid a uaslódáiltear a bheith i bhformáid PDF nó JPEG agus ní mór nach mó iad ná 10mb an ceann.**

### Taifid agus Iniúchadh

Sula n-íofar deontais eatramhacha nó deontais deiridh, lorgóidh an Chomhairle fianaise dhoiciméadach ar chaiteachas. Ina theannta sin, gach íocaíocht deontais, idir íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíochtaí deiridh, tá siad faoi réir iniúchadh ag an gComhairle Oidhreachta nó ag a ceapaí. Lorgóidh na hiniúcháirí cruthúnas ar gach íocaíocht, mar sin teastóidh rochtain ar gach taifead airgeadais a bhaineann leis an deontas uathu, lena n-áirítear do ráitis bhainc agus do shonraisc bhunaidh. Dá réir sin, ní mór duit taifid iomlána airgeadais a choinneáil do gach deontas ar feadh trí bliana ó dháta na chéad íocaíochta a fhaigheann tú faoin deontas sin.

### An Bunachar Sonraí agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018

Coinníonn an Chomhairle Oidhreachta bunachar sonraí ríomhairithe de dhaoine agus d'eagraíochtaí a bhfuil suim acu i gcúrsaí oidhreachta. Úsáidtear an bunachar sonraí sin chun cumarsáid a dhéanamh leis na daoine sin faoin gComhairle, faoina gníomhaíochtaí agus faoina leasanna; ní chuirfear faisnéis ar an mbunachar sonraí ar fáil d'aon duine eile ach amháin i gcomhréir leis an dlí. Mura bhfuil tú ar an liosta cheana féin, ba mhaith linn go dtoileofá le do chuid sonraí a chur leis an mbunachar sonraí seo. Mar sin féin, tá sé de chead agat an toiliú a dhiúltú.

Bí ar an eolas go bhfuil an t-eolas ar fad a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Oidhreachta faoi réir an **Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997**, mar sin níor cheart duit glacadh leis go bhfanfaidh an t-eolas atá i d'iarratas faoi rún.

### Cruinneas Faisnéise

Glacaimid le d'iarratas agus déanaimid ár gcinntí de mheon macánta ar bhonn na faisnéise a thugann tú dúinn. Dá bhrí sin, is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar aon ráiteas míthreorach (cibé acu d'aon ghnó nó de thaisme) i d'iarratas, nó ar aon fhaisnéis a choinnítear siar go feasach, nach bailí é iarratas d'eagraíochta. Sa chás sin, cuirfidh an Chomhairle deireadh leis an measúnú agus diúltóidh sí don iarratas

### Canbhasáil

Dúirt an Chomhairle Oidhreachta riamh go ndícháileofar iarratas go huathoibríoch más rud é go mbíonn canbhasáil thar ceann aon Iarratasóra i gceist. Tá sé sin léirithe go soiléir ar an bhfoirm iarratais agus le blianta beaga anuas diúltaíodh do líon an-bheag iarratas ar an gcúis sin.

An Chomhairle Oidhreachta

Lána an Teampaill

Cill Chainnigh

056 7770777

[iwtn@heritagecouncil.ie](mailto:iwtn@heritagecouncil.ie)